# TUARASCÁIL AR FHEIDHMÍOCHT 2019

**Neamhspleách**
**Neamhchlaonta**
**Cuiditheach**
**Tiomanta don tSármhaitheas**

Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

# CLÁR NA nÁBHAR


Réamhrá 3

Príomhshonraí feidhmíochta 2019 4

Faisnéis bhreise agus príomhthreochtaí 2015 go 2019 10

# Réamhrá

Sa tuarascáil seo, cuirtear an phríomhfhaisnéis feidhmíochta ar fáil i ndáil le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tugann an tuairisciú breac-chuntas ar fheidhmíocht in 2019 i gcomparáid le blianta roimhe seo, faoi shé théama ag úsáid meascán de mhodhanna cainníochtúla agus cáilíochtúla. Is iad na téamaí sin ná

- an méid a bhainimid amach
- an tionchar atá againn
- an fheidhmíocht airgeadais
- an fhoireann agus acmhainní
- ag cur leis an inniúlacht
- an méid a dhéanaimid ar bhonn idirnáisiúnta.

Leagtar amach sa tuarascáil faisnéis bhreise agus treochtaí le déanaí chun críocha comparáideacha, chomh maith.

Foilsítear ráiteas straitéise don tréimhse 2016 go 2020 ar ár láithreán gréasáin (www.audit.gov.ie). Tá ráiteas straitéise nua á fhorbairt do 2021 go 2025.

Faoi láthair, tá tionchar mór ag an ngéarchéim Covid-19 ar fheidhmíocht na hOifige. Cé go bhfuil sé ró-luath an tionchar a mheas go hiomlán, is dóigh go mbeidh tionchair ghearrthéarmacha ar aschuir agus tionchair níos fadtéarmaí ar an gcaoi a ndéanaimid ár gcuid oibre. Breithneofar tionchair fhadtéarmacha na timpeallachta athraithe ina bhfuil an Oifig ag feidhmiú, lena n-áirítear méadú leanúnach féideartha ar leibhéal an chianoibrithe, i bhforbairt an ráitis straitéise nua.

## An méid a bhainimid amach

**In 2019 rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste...**

**285 iniúchadh ar ráitis airgeadais a chríochnú (sprioc 272)**

**97% de chuntais 2018 a dheimhniú, agus iad á dtomhas de réir an luacha, laistigh de 9 mí ó dheireadh na bliana airgeadais, (is é an sprioc a bhí ann ná 95%)**

**24 scrúdú a chríochnú (sprioc 25) i ndáil le gnéithe de sheachadadh seirbhíse poiblí agus leis an úsáid a bhaintear as acmhainní poiblí**

**freastal ar 35 cruinniú de chuid an Choiste um Chuntais Phoiblí**

**freagra a thabhairt do 100% (sprioc 100%) de na hiarrataí ón Aire Airgeadais ar sholáthar agus creidmheasanna ráithiúla chun cistí a eisiúint ó Lárchiste an Státchiste sular thosaigh an tréimhse chreidmheasa**

**breithniú ar 21 ábhar a tuairiscíodh don Oifig faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014 nó ar bhonn gan ainm.**

## An tionchar atá againn

**Déanaimid an tionchar a bhíonn ag an obair a dhéanaimid a thomhas tríd an idirghníomhaíocht a dhéanaimid le comhlachtaí iniúchta in 2019, bliain ina ndearnamar…**

**tuairim iniúchta shoiléir a eisiúint i ndáil le 95% de na ráitis airgeadais a ndearna an Coiste um Chuntais Phoiblí suntas dóibh le linn na bliana**

**tar éis scrúduithe, rinneamar 38 moladh a bhí dírithe ar dhea-chleachtas agus feidhmíocht fheabhsaithe a chinntiú, agus ghlac an comhlacht iniúchta 100% díobh siúd ina n-iomláine nó go páirteach**

**aird a tharraingt ar 28 ábhar tábhachtach maidir le conas tuiscint a fháil ar chuntais chomhlachtaí poiblí agus, in 78 cás, maidir le nithe eile a measadh iad a bheith tábhachtach d'úsáideoirí na gcuntas**

**ionchur a chur le 4 tionscnamh dea-chleachtais sna réimsí maidir le haschuir a thuairisciú, réimsí spéise iniúchta, rialachas corparáideach agus muinín agus dearbhú**

**aird a tharraingt ar bheagnach 1,300 saincheist a raibh aird ag teastáil uathu maidir le bainistíocht comhlachtaí iniúchta i gcomhfhreagras iar-iniúchta.**

**sna hiniúchtaí agus sna scrúduithe airgeadais go léir a dhéantar i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta.**

**agus mar gheall ar an ardchaighdeán den obair a déanaimid…**

## Ár bhfeidhmíocht airgeadais

**In 2019, rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste...**



**seachadadh ar chlár iniúchta agus scrúduithe ar chostas iomlán €13.4 milliún (2018: €12.6 milliún)**



**€7.4 milliún i dtáillí iniúchta a bhailiú ar aon dul leis an gcur chuige páirt-aisghabhála costas (2018: €6.3 milliún)**



**174 ball foirne (WTE), ar an meán, a fhostú ar chostas tuarastail de €10.5 milliún (2018: 165 WTE, costas €9.7 milliún).**

## An fhoireann agus acmhainní

**In 2019,…**

**Bhí 66% de na baill foirne a sannadh d'iniúchtaí airgeadais ina gcuntasóirí cáilithe agus bhí an chuid eile díobh páirtcháilithe (is cuntasóirí cáilithe iad na bainisteoirí a sannadh d’iniúchtaí airgeadais)**

**meánráta neamhláithreachta breoiteachta 2% a bhí ag an bhfoireann**

**bhí cothromaíocht inscne idir fostaithe baineanna agus fireanna 50:50; ag leibhéal na bainistíochta sinsearaí, bhí an cóimheas 60:40**

**ar an meán, íocadh fostaithe fireanna 1.6% níos mó san uair ná fostaithe baineanna.**

## Ag cur leis an inniúlacht

**Trí thacaíocht a thabhairt don fhoireann trí oideachas agus forbairt leanúnach cinntítear go bhfuil an cumas againn chun an clár oibre a dhéanamh. In 2019,…**

**tugadh os cionn 18,000 uair an chloig do chúrsaí oiliúna, do staidéir ghairmiúla agus d'oiliúint iarchéime a bhí cothrom le 5% den am a bhí ar fáil**

**caitheadh os cionn €251,000 ag tacú le staidéir iarchéime agus ghairmiúla, ag leanúint le hoiliúint forbartha agus le táillí ballraíochta gairmiúla**

**bhí 57 ball foirne i mbun cuntasaíochta gairmiúla nó staidéir iarchéime**

**chríochnaigh 6 ball foirne a gcuid scrúduithe deiridh agus cháiligh siad mar chuntasóirí gairmiúla.**

## Ár dtionchar idirnáisiúnta

**Mar an t-iniúchóir earnála poiblí náisiúnta d'Éirinn, chuireamar le hoibleagáidí idirnáisiúnta trí…**

leanúint lenár mballraíocht ceithre bliana ar bhord iniúchta Eurocontrol (eagraíocht idir-rialtasach atá freagrach as oibríochtaí aerthráchta atá sábháilte, éifeachtúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol a sheachadadh ar fud na hEorpa) agus cathaoirleacht a dhéanamh ar an mbord sin ón 1 Iúil 2019

freastal ar XXIII INCOSAI, Comhdháil tríbhliantúil Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Iniúchóireachta Uachtaraí (INTOSAI) arna hóstáil ag Uasfhoras Iniúchóireachta Chónaidhm na Rúise i Moscó

rannpháirtíocht i bhfóraim idirnáisiúnta roghnaithe d'iniúchadh poiblí san Eoraip agus ar fud an domhain, lena n-áirítear ballraíocht i bhFochoiste Iniúchta Airgeadais agus Cuntasaíochta INTOSAI agus i bhFochoiste Iniúchta Feidhmíochta INTOSAI

Iniúchóir Sinsearach a thabhairt ar iasacht do Chúirt Iniúchóireachta na hEorpa ar feadh tréimhse ceithre bliana ag obair go díreach ar thuarascáil bhliantúil na Cúirte

beirt iniúchóirí a óstáil ar feadh tréimhse trí mhí ó Institiúid Iniúchta Stáit Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha

rannpháirtíocht i gclár malairte do bheirt bhall foirne thar thréimhse trí seachtaine le hOifig Ard-Iniúchóir Cheanada.

# Faisnéis bhreise agus príomhthreochtaí — 2015 go 2019

Tá faisnéis faoin soláthar, bearta tionchair agus an fheidhmíocht airgeadais ar fáil sna rannáin seo a leanas.

## Soláthar cláir

Tá an t-iniúchadh ar ráitis airgeadais comhlachtaí poiblí agus cur i láthair na ráiteas airgeadais sin don Oireachtas mar bhonn chun a chinntiú go bhfuil cuntasacht éifeachtach ann maidir le húsáid cistí poiblí.

### *Líon na gcuntas faoi réir iniúchta*

Tá na cuntais atá le hiniúchadh ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste leagtha síos de réir an dlí. I líon beag cásanna, déantar iniúchtaí le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Taispeánann an tábla ar dheis líon na gcuntas do thréimhsí cuntas a chríochnaíonn sna blianta faoi seach - tá na hiniúchtaí le bheith críochnaithe sa bhliain dar gcionn.

| | **Tréimhse an chuntais ag críochnú in [a]** | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | **2015** | **2016** | **2017** | **2018** | **2019** |
| Cuntais Vóta | 39 | 40 | 41 | 41 | 42 |
| Cistí Roinne | 28 | 25 | 26 | 27 | 26 |
| Aonáin Airgeadais | 26 | 26 | 26 | 28 | 32 |
| Aonáin sláinte | 29 | 28 | 28 | 28 | 29 |
| Comhlachtaí Thuaidh Theas | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 |
| An Earnáil Oideachais | 47 | 48 | 47 | 47 | 45 |
| Comhlachtaí leath-stáit [b] | 116 | 111 | 109 | 108 | 105 |
| | **292** | **285** | **284** | **286** | **286** |


Nóta a Tréimhsí cuntais roimhe seo arna gcoigeartú le haghaidh comhsheasmhachta.
b Fochuideachtaí de chuid comhlachtaí Stáit san áireamh.

### *Iniúchtaí curtha i gcrích*

Sa ghraf tá líon na n-iniúchtaí a cuireadh i gcrích gach bliain leagtha amach.

I gcás cuntais leithreasa ranna agus oifigí rialtais, foilsíonn an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste na cuntais de réir Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. I gcás na gcomhlachtaí poiblí eile atá fágtha, is faoin roinn rialtais ábhartha nó faoin gcomhlacht ábhartha an fhreagracht as na cuntais iniúchta a leagan os comhair an Oireachtais nó as na cuntais a fhoilsiú.

**Iniúchtaí tugtha chun críche sa bhliain**




### *Tráthúlacht deimhniúcháin iniúchta*


**Cuntais dheimhnithe**

Déantar príomhtháscairí feidhmíochta na hOifige maidir le tráthúlacht iniúchóireachta a thomhas trí thagairt a dhéanamh do luach an láimhdeachais, agus do líon na gcuntas.

Is é an príomhdháta tagartha don Oifig ná deireadh an naoú mí tar éis dheireadh na tréimhse airgeadais. Le blianta beaga anuas, socraíodh sprioc de 95% de réir luacha agus 70% de réir uimhreach, maidir le hiniúchtaí a chríochnú.

D'fhonn tráthúlacht iniúchóireachta a chur chun cinn tríd is tríd, tá tosaíocht tugtha do chuntais ard-luacha a dheimhniú níos luaithe.





**Cuntais neamhdheimhnithe**

Taispeántar sa ghraf ar dheis líon na n-iniúchtaí atá fós le comhlánú ag deireadh gach bliana (cuntais neamhdheimhnithe). Tá sé seo tar éis titim go suntasach ó 2015 i leith.

Foilsíonn an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuarascáil ina leagtar amach na comhlachtaí sin inar tharla moill ar thuairisciú, chomh maith leis na cúiseanna leis na moilleanna sin. Tá an tuarascáil is déanaí ar fáil ar ár láithreán gréasáin (www.audit.gov.ie)




### *Scrúduithe*

Déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste scrúduithe agus ansin tugann sé tuairisc do Dháil Éireann maidir le hábhair a bhaineann le bainistiú agus le húsáid acmhainní poiblí. Tá tuarascálacha an ARC&C mar bhonn le cuid mhaith den obair a dhéanann an Coiste um Chuntais Phoiblí.

Is é an ARC&C a shocraíonn topaicí scrúdaithe bunaithe ar roinnt critéar, lena n-áirítear tábhacht an ábhair, an tionchar nó an tionchar féideartha a bhaineann leis maidir le feabhsuithe sa riarachán poiblí agus an gá atá le cuntasacht phoiblí.

Is é an sprioc atá ann ná go bhfoilseofar 25 tuairisc gach bliain. Cuirtear tuarascálacha san áireamh sa tuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí a fhoilsítear go bliantúil, nó foilsítear iad mar thuarascálacha speisialta aonair.

Is é an sprioc atá leagtha amach sa ráiteas straitéise reatha 2016 - 2020 ná líon na dtuarascálacha speisialta agus crosghearrthacha a cuireadh i gcrích sa bhliain a mhéadú. Is é an cuspóir deiridh 10 dtuarascáil speisialta a fhoilsiú in aghaidh na bliana faoi 2020. Go praiticiúil, ní bhainfear an aidhm seo amach mar gheall ar chumas acmhainní scrúdaithe neamhleor.




## *Cáilíocht a chinntiú*

Tá cáilíocht ár gcuid oibre bunaithe ar dhá phríomhphrionsabal

- cáilíocht a dhaingniú laistigh dár gcultúr agus dár gcleachtais ó lá go lá, agus
- monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht agus gníomhú ar na rudaí atá le foghlaim againn.

Tá na príomhghnéithe seo a leanas ag an gcóras cáilíochta d'obair iniúchta agus scrúdaithe




Tá beartais agus próisis curtha i bhfeidhm againn maidir le is an earcaíocht, leis an oiliúint, an oideachas agus leis an fhorbairt ghairmiúil leanúnach, le cóid iompair, agus le hathbhreithnithe oibriúcháin ar obair iniúchta airgeadais agus ar thuarascálacha sula bhfoilseofar iad.

Tá bearta inár gcóras rialaithe cáilíochta d'iniúchadh airgeadais chun monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht lena n-áirítear athbhreithnithe ar

- iniúchtaí roghnaithe le linn an iniúchta ag bainisteoir sinsearach atá neamhspleách ar an bhfoireann
- na hiniúchtaí uile a dhéanann gnólachtaí tráchtála ag bainisteoir sinsearach roimh an deimhniúchán
- sampla d'iniúchtaí tar éis deimhniúcháin ag athbhreithneoir seachtrach uair gach dhá bliain.

Mar chuid den chóras rialaithe cáilíochta do scrúduithe atá againn, tá bearta chun monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht lena n-áirítear:

- athbhreithnithe ar scrúduithe roghnaithe le linn an scrúdaithe ag bainisteoir sinsearach atá neamhspleách ar an bhfoireann roimh an deimhniúchán
- athbhreithnithe iar-thionscadail agus ceardlanna bliantúla don fhoireann (inar féidir leis an fhoireann a n-imní a chur in iúl)
- athbhreithniú tréimhsiúil a bheith déanta ar shampla de thuarascálacha le hathbhreithneoir seachtrach.

Déantar torthaí na n-athbhreithnithe seo a mheasúnú agus a ionchorprú i riachtanais oiliúna na hOifige.

## Tionchar ár gcuid oibre a thomhas

### *Torthaí na n-iniúchtaí airgeadais*

Bíonn an t-iniúchadh a dhéanann an ARC&C dírithe ar dhá rud go príomhúil

- *cruinneas agus iomláine* na ráiteas airgeadais,
- *rialtacht agus cuibheas* na n-idirbheart a taifeadadh sna ráitis airgeadais, agus leordhóthanacht rialachais na gcomhlachtaí poiblí, a tuairiscíodh ar bhonn 'eisceachta'.

#### *Tuairim cháilithe iniúchta*

Fuair 13 sraith de ráitis airgeadais (5% de líon iomlán na gcuntas) a deimhníodh in 2019 tuairim cháilithe. Ba iad na cúiseanna leis na cáilíochtaí go léir ná saincheisteanna a bhaineann le cuntasaíocht do phinsin.


#### *Béim ar ábhar*

Féadfaidh deimhniú iniúchta, nuair is cuí, aird a tharraingt ar ábhar atá tábhachtach do léitheoirí maidir leis na ráitis airgeadais a thuiscint. Fuair 28 sraith de ráitis airgeadais a deimhníodh in 2019 tuarascáil iniúchóra ina raibh ailt faoi bhéim ar ábhar. Bhain siad seo go príomha leis an modh cuntasaíochta do phinsin (16 cás), laige sócmhainní (6), bunús gnóthais leantaigh chuntasaíochta (5) agus ábhair chuntasaíochta eile (1).

#### *Ábhair shuntasacha eile*

Tuairiscíonn an ARC&C trí eisceacht má shainaithníonn sé idirbhearta neamhrialta ábhartha (e.g. airgead poiblí nach gcaitear é chun na gcríoch atá beartaithe leis) nó i gcás nach léiríonn an ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach comhlíonadh an chomhlachta iniúchta leis na socruithe rialachais atá leagtha amach sa chód cleachtais rialachais atá aige. Áirítear leis seo cásanna ina bhfuil nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ina bhfuil gnó poiblí déanta. Bhí 78 cás den sórt sin sna tuarascálacha iniúchta ar ráitis airgeadais a deimhníodh in 2019. Sa chairt, tá na ceisteanna atá i gceist rangaithe.

**Ábhair shuntasacha eile tugtha ar aird i dtuarascálacha iniúchta**




Nóta

An neamhchomhlíonadh soláthair - is é is 'ábhartha' ná soláthar de €500,000 nó níos mó i dtréimhse cuntais amháin, beag beann ar scála soláthair an chomhlachta lena mbaineann.

Caiteachas neamhéifeachtach íocaíochtaí foirceanta fostaíochta, saincheisteanna ábhartha a bhaineann le rialtacht íocaíochtaí agus íocaíochtaí neamhcheadaithe.

I measc na n-ábhar cuntasaíochta eile tá saincheisteanna a bhaineann le hús ar iasachtaí, léasanna agus forálacha a dhéantar sna ráitis airgeadais.


### *Nithe a pléadh leis an mbainistíocht*

Chomh maith leis na tuarascálacha foilsithe, cuireann an t-iniúchadh le luach trí chomhfhreagras iar-iniúchta a eisiúint a bhfuil sé mar aidhm aige cabhrú le comhlachtaí a rialú agus a mbainistíocht inmheánach a fheabhsú trí thorthaí, moltaí agus deiseanna feabhsúcháin a mholadh dóibh.

Taispeánann an chairt na cineálacha saincheisteanna a ardaíodh le comhlachtaí i leith na ráiteas airgeadais a deimhníodh in 2019.

Go ginearálta, bíonn locht sna nósanna imeachta dá dtagraítear sa chomhfhreagras maidir le nósanna imeachta a d'fhéadfadh, mura dtugtar aghaidh orthu, a fhágáil go mbeadh caillteanais ann do na comhlachtaí, nó tuairisciú míchruinn airgeadais, neamhchomhlíonadh nósanna imeachta cuí nó noirm rialachais don tseirbhís phoiblí.

**Líon na ceisteanna a pléadh le lucht bainistíochta - cuntais deimhnithe in 2019**



### *Tionchar na moltaí de bhun scrúduithe*

Tá moltaí sonracha sna tuairiscí maidir le dea-chleachtas agus feidhmíocht fheabhsaithe mar aon le freagraí an chomhlachta iniúchta.

Go ginearálta, ghlac comhlachtaí iniúchta leis na moltaí a rinneadh.

Tá leagtha amach sa tábla ar dheis líon na moltaí a rinneadh i dtuarascálacha mar aon leis an gcion a ghlac comhlachtaí.

| | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon na moltaí foilsithe | 63 | 46 | 42 | 47 | 38 |
| Glactha ag comhlachtaí iniúchta | 92% | 83% | 93% | 94% | 95% |
| Glactha go páirteach ag comhlachtaí iniúchta | 5% | 13% | 7% | 4% | 5% |

### *An Dea-Chleachtas*

Leagtar amach inár ráiteas straitéise ár ngealltanais maidir le tionscnaimh dea-chleachtais a threorú nó cur leo. Bhí ceithre thionscnamh den sórt sin ann in 2019:

*Aschuir a thuairisciú in 2019*

Cur i láthair ag ócáid Fhóram Rialachais an *IPA* ar aschuir *OCAG* a thuairisciú in 2019, le béim ar leith ar shaincheisteanna agus ar acmhainní a bhaineann le coistí iniúchta.

*Saincheisteanna iniúchta in 2019*

Cur i láthair ar shaincheisteanna reatha a d’eascair as iniúchtaí a tugadh do Chuntasóirí Cairte na hÉireann agus don Institiúid Chairte um Airgeadas Poiblí agus Cuntasaíocht (Poblacht na hÉireann) i dTeach na gCuntasóirí Cairte i mí na Samhna 2019.

*Rialachas corparáideach*

*Cód Cleachtais* athbhreithnithe *maidir le Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna* a foilsíodh i mí Eanáir 2019. Chuireamar treoir ar fáil maidir le cur i bhfeidhm an chóid athbhreithnithe ag comhdháil bhliantúil an *ETB* i Meán Fómhair 2019. D’fhreastail Baill an Bhoird, Príomhfheidhmeannaigh agus Stiúrthóirí gach *ETB* ar an gcomhdháil seo arna éascú ag Boird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann.

*Muinín agus dearbhú*

Thugamar cur i láthair d’Fhóram Rialachais an Fhorais Riaracháin Phoiblí (*IPA*) ar thábhacht muiníne agus dearbhaithe sa phróiseas iniúchta.

## Feidhmíocht airgeadais

Tugann an tábla achoimre ar phríomhshonraí airgeadais agus sonraí foirne do na 5 bliana is deireanaí.

Maoinítear an Oifig ar an mbealach céanna le ranna rialtais tríd an bpróiseas meastachán bliantúil trína gceadaíonn Dáil Éireann meastacháin ar fháltais agus ar chaiteachas gach bliain agus a thugann éifeacht reachtúil do na meastacháin in Acht Leithreasa bliantúil.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, ceanglaítear ar gach aon roinn agus oifig cuntas a ullmhú, ar a dtugtar an cuntas leithreasa, ina dtuairiscítear an toradh don bhliain i gcomparáid leis an méid a chuir Dáil Éireann ar fáil.

Déanann gnólacht cuntasóirí neamhspleách arna cheapadh ag an ARC&C iniúchadh ar chuntas leithreasa na hOifige.

Is ionann costais phárolla agus beagnach 80% de chostas bliantúil na hOifige. Is é an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a shocraíonn na rátaí pá. Gearrtar táillí iniúchta i ndáil le hiniúchtaí airgeadais áirithe nuair a dheimhnítear an cuntas.

Déantar seachfhoinsiú ar iniúchtaí airgeadais roghnaithe. Cuimsítear le costais eile oiliúint agus forbairt, táillí ballraíochta gairmiúla, teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, lóistín, costais dlí agus obair chomhairliúcháin ina mbíonn saineolaithe fostaithe chun tacú le hobair scrúdaithe.

| | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| ***Costais airgeadais*** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas oibríochta iomlán[a] | **12,141** | **11,567** | **11,923** | **13,059** | **13,799** |
| *arb é atá ann* | | | | | |
| *Costais foirne* [a] [b] | *9,869* | *9,376* | *9,898* | *10,133* | *10,871* |
| *Costais taistil* | *452* | *517* | *549* | *626* | *611* |
| *Iniúchtaí ar conradh* | *416* | *497* | *372* | *959* | *1,088* |
| *Costais eile* | *1,404* | *1,177* | *1,104* | *1,341* | *1,229* |
| Ioncam | | | | | |
| *Táillí iniúchta bailithe* [c] | 5,589 | 6,112 | 5,592 | 6,301 | 7,390 |
| *ASC (*PRD*)* | *535* | *402* | *394* | *427* | *374* |
| **Glanchostas an Státchiste** | **6,017** | **5,053** | **5,937** | **6,331** | **6,035** |

Foinse: Sleachta as cuntais leithreasa iniúchta de chuid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste - ar fáil ag www.audit.gov.ie

Nóta a Athsonraíodh costais foirne i dtréimhsí roimhe seo chun ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ó thuarastail (ar a dtugtaí asbhaint a bhaineann le pinsean roimhe seo) a choinnítear mar leithreasú i gcabhair.

b Áirítear sna costais foirne do 2015 27 tréimhse pá don chuid is mó den fhoireann (53 thréimhse pá do bhaill foirne íoctha in aghaidh na seachtaine). I mblianta eile, bhí 26 tréimhse pá ann (52 d'fhoireann íoctha in aghaidh na seachtaine).

c Ní ghearrtar aon táillí i leith iniúchadh na gcuntas leithreasa agus na scrúduithe a dhéantar.

## Foireann

### *Leibhéil Sholáthair Foirne*

Sa tábla, léirítear meánlíon na foirne a fhostaítear gach bliain bunaithe ar an gcoibhéis lánaimseartha (*WTE*). De ghnáth bíonn an difríocht idir an líon údaraithe agus an meánlíon iarbhír fostaíochta gach bliain mar gheall ar an aga moille idir dáta imeachta na foirne agus críochnú na bpróiseas earcaíochta.


Is éard a léirítear le hathrú foirne ná gach uile bhall a fhágann an comhlacht in aghaidh na bliana mar chion den mheánlíon atá fostaithe.

| | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| ***Líon foirne*** | **WTE** | **WTE** | **WTE** | **WTE** | **WTE** |
| Meánlíon fostaithe | 145 | 145 | 147 | 165 | 174 |
| Uaslíon údaraithe foirne | 164 | 164 | 164 | 174 | 178 |
| *Mar % den líon foirne* | *88%* | *88%* | *90%* | *95%* | *98%* |
| Ráta athraithe foirne i rith na bliana | 14% | 15% | 14% | 10% | 9% |
| ***Líon foirne mar choibhéis de réir na n-acmhainní eile a úsáidtear*** | | | | | |
| Foireann ar conradh | 7 | 8 | 9 | 1 | 1 |
| Iniúchtaí ar conradh | 7 | 6 | 5 | 9 | 8 |

### *Seirbhísí Conraithe*

Cuireann an Oifig foinsiú allamuigh ar iniúchtaí airgeadais roghnaithe mar bhealach chun freastal ar chuid den bhuaicphointe in éileamh iniúchta agus chun deimhniú tráthúil na ráiteas airgeadais a éascú. Tá comhaontú le ceardchumainn na foirne chun obair iniúchta a sheachfhoinsiú ar feadh 8 gcoibhéis lánaimseartha in aghaidh na bliana ar an meán sa tréimhse 2018 go 2020. Roghnaítear gnólachtaí ar bhonn iomaíoch chun tabhairt faoin obair seo.

Cuirtear cuntasóirí cáilithe ar conradh ar bhonn gníomhaireachta ar feadh tréimhsí gearra chun bearnaí sealadacha a líonadh a thagann chun cinn nuair a imíonn an fhoireann bhuan. Tá laghdú tagtha ar an rogha seo de réir mar a rinneadh an líon foirne a líonadh.




## *Cothromaíocht inscne*

Taispeántar sa ghraf ar dheis briseadh síos de réir inscne i dtaca le gach aon cheann de na gráid atá le fáil san Oifig. Is de bhun próiseas iomaíoch a dhéantar gach aon ardú céime.

Ar an iomlán tá cóimheas 50:50 d'fhostaithe baineann go fireann. Ag an dá leibhéal níos sinsearaí, is é 60:40 an cóimheas baineann go fireann.

Ag deireadh 2019, bhí 16% d'fhostaithe baineanna ag obair faoi chonarthaí le huaireanta laghdaithe (postroinnt, saoire do thuismitheoirí, bliain oibre níos giorra srl.). Bhí 1% d'fhostaithe fireanna ag obair ar chonarthaí uaireanta laghdaithe.




## *Difreálacha Pá*

Íoctar luach saothair le gach aon bhall foirne ar bhonn scálaí tuarastail incriminteacha i ndáil leis na gráid éagsúla. Níl aon íocaíochtaí bónais ann.

Ar an meán thar gach grád do 2019, íocadh 1.6% níos mó in aghaidh na huaire conartha le fostaithe fireanna ná fostaithe baineanna. Fuair bileog fíricí *Eurostat* is déanaí ar an mbearna pá de réir inscne in Éirinn, a foilsíodh i mí na Samhna 2018, gurb ionann an bhearna pá de réir inscne idir fir agus mná ag ráta in aghaidh na huaire agus 13.9%.

Ba é an difreálach in 2019 i meánrátaí pá in aghaidh na huaire ná 2.76% i bhfabhar fostaithe fireanna. (Is iad meánrátaí pá in aghaidh na huaire na rátaí a íoctar leis an bhfostaí meánchéime nuair a dhéantar iad a rangú ón bpá is airde go dtí an pá is ísle). Léiríonn an difreálach beagán níos airde ar an mbeart seo go bhfuil seirbhís níos faide ag fostaithe fireanna, ar an meán, ag gach leibhéal grád.

## *An Éagsúlacht:*

Tá ár Ráiteas Éagsúlachta, Comhionannais agus Cuimsitheachta ar fáil ag www.audit.gov.ie.

Tá ionadaíocht ag breis is 10 náisiúntacht san fhórsa oibre atá againn.

Déantar ár n-earcaíocht agus ardú céime de réir an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 agus an Cód Cleachtais arna eisiúint ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Is faoi chreat de pholasaithe agus nósanna imeachta na státseirbhíse a fheidhmímid

## Ag cur leis an inniúlacht

### *Foghlaim agus forbairt*


Is cuntasóirí cáilithe iad gach aon bhainisteoir ar iniúchtaí airgeadais - is éard atá i bhfoirne iniúchóireachta ná meascán de chuntasóirí cáilithe agus cuntasóirí atá faoi oiliúint.

Tá ár bpolasaithe agus ár nósanna imeachta pearsanra deartha chun a chinntiú go bhfuil go leor foirne againn leis na cumais, an inniúlacht agus an tiomantas do na prionsabail eiticiúla atá riachtanach chun scrúduithe a dhéanamh agus chun iniúchtaí a dhéanamh de réir na gcaighdeán gairmiúil.

Cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do na baill foirne atá ag déanamh iarracht cáilíochtaí iarchéime a bhaint amach agus do bhaill foirne atá ag déanamh iarracht cáilíochtaí cuntasaíochta gairmiúla a bhaint amach.

Chomh maith leis sin, glacann ár bhfoireann páirt i ngníomhaíochtaí éagsúla oideachais, oiliúna agus forbartha a bhfuil a sonraí leagtha amach sa ghraf.

**Líon ama curtha ar leataobh don fhoghlaim agus don fhorbairt**




## Freagrachtaí corparáideacha

### *Íocaíochtaí pras*

Rialaítear an íocaíocht sonraisc in am le reachtaíocht lena bhforálaítear go n-íocfar ús ar shonraisc bhailí nach bhfuil glanta tar éis 30 lá ón dáta fála. Ina theannta sin, éilíonn beartas an Rialtais go n-íocfaidh comhlachtaí poiblí soláthróirí laistigh de 15 lá ón sonrasc a fháil. Glacaimid le sonrasc a bheith faighte nuair atá sé críochnaithe agus bainteach le hearraí agus seirbhísí a foréilíodh go sonrach atá faighte.

Léiríonn an graf ár bhfeidhmíocht in 2019 maidir le tráthúlacht íocaíochtaí le soláthróirí. Íocadh íocaíochtaí le soláthróirí a raibh comhluach €11,945 acu lasmuigh den teorainn 30 lá, ag gearradh íocaíochtaí úis de €366 agus íocaíochtaí cúitimh de €640.





Nóta Ríomhtar ús ar íocaíocht dhéanach i leith na tréimhse dar tosach an lá tar éis an dáta dlite agus dar críoch nuair a ndéantar an íocaíocht. Ní féidir leis an soláthróir ús le híoc a tharscaoileadh agus ní mór é a chur san áireamh leis an méid atá iníoctha le haghaidh an tsonraisc.

### *Ídiú Fuinnimh*

Tá sprioc ag an Rialtas chun éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil phoiblí a mhéadú faoi 33% faoin mbliain 2020. Tomhaistear ár bhfeidhmíocht maidir leis an sprioc seo a bhaint amach i gcomparáid leis an líon foirne atá fostaithe (coibhéis lánaimseartha).

Tá sé léirithe sa ghraf gurbh ionann an éifeachtúlacht fuinnimh in 2019 agus 45.3% (2018: 35%) níos fearr ná an bonnlíne, 18.4% níos fearr ná an sprioc don bhliain 2020 agus 21.9% níos fearr ná an sprioc de chuid *'glidepath'*.

Baineann an Oifig úsáid as córas tomhais fuinnimh a ligeann dúinn anailís níos mine a dhéanamh ar ár n-úsáid leictreachais agus réimsí a aithint le haghaidh tuilleadh deiseanna sábhála fuinnimh.




Nóta Taispeántar na figiúirí i KWh in aghaidh na coibhéise lánaimseartha. Glacann an Oifig páirt i gcóras ar líne Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (*SEAI*) chun ár n-úsáid fuinnimh a thuairisciú. Cuireann *SEAI* fachtóir tiontaithe i bhfeidhm chun tionchar comhshaoil cineálacha éagsúla fuinnimh a chur san áireamh.

Tá figiúirí fuinnimh le haghaidh 2019 bunaithe ar léamha fuinnimh a thuairiscigh an soláthraí fuinnimh don Oifig. Tá na figiúirí faoi réir a bhfíoraithe mar chuid de phróiseas tuairiscithe *SEAI* agus tabharfar cothrom le dáta iad i lár mhí Lúnasa.

### *Acht na dTeangacha Oifigiúla*

Cuireadh tús le *Scéim na Gaeilge*, mar a cheanglaítear faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, le héifeacht ó Mhárta 2018 agus tá sí ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige (www.audit.gov.ie). Ag léiriú fhorálacha an Achta, éilítear sa scéim go bhfoilseofar go comhuaineach doiciméid áirithe i mBéarla agus i nGaeilge. Tá an Oifig tiomanta d'fhoilsiú spriocdhoiciméid 100% go comhuaineach.

Athchóiríodh láithreán gréasáin na hOifige in 2019 agus tá sé níos éasca teacht ar leaganacha Gaeilge d'fhaisnéis fhoilsithe anois. Chomh fada agus is féidir, cuirtear ábhar nua a phostáiltear ar an láithreán gréasáin ar fáil go comhuaineach sa dá theanga.

In 2019, foilsíodh gach foilseachán corparáideach sa dá theanga go comhuaineach.

Mar gheall ar an bhfráma ama reachtúil docht ina gcaithfear iniúchtaí ar chuntais leithreasa a dhéanamh, bíonn sé dúshlánach na cuntais dheimhnithe agus aon tuarascálacha ar ábhair a eascraíonn as na hiniúchtaí sin a fhoilsiú go comhuaineach.

- As na 42 cuntas leithreasa do 2018 a foilsíodh an 30 Meán Fómhair 2019, bhí ocht gcinn (19%) ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla ar lá an fhoilsithe. Foilsíodh na cuntais eile i nGaeilge de réir mar a cuireadh i gcrích iad. Bhí 35% eile ar fáil ar líne laistigh de sheachtain agus bhí 97% ar fáil ar líne faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2019. Níor foilsíodh an cuntas leithreasa deireanach i nGaeilge go dtí an 25 Samhain 2019, áfach.
- Ní raibh aon cheann de na 21 caibidil i dTuarascáil 2019 ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí réidh le foilsiú i nGaeilge an 30 Meán Fómhair 2019. Foilsíodh 42% i nGaeilge laistigh de sheachtain; foilsíodh 86% i nGaeilge laistigh de choicís; agus foilsíodh iad go léir faoin 21 Deireadh Fómhair 2019.

Tá atheagrú radacach déanta ag an Oifig ar a próisis táirgeachta do chuntais leithreasa agus do thuarascáil 2019. Táimid ag súil dtiocfaidh feabhas mór ar chomhuaineacht na bhfoilseachán.

### *An Nochtadh*

Tá nósanna imeachta glactha ag an Oifig maidir leis an Acht um Nochtadh Cosanta 2014 inar féidir le fostaithe buarthaí a ardú maidir le éagóir a d'fhéadfadh a bheith ann. In 2019, rinneadh 21 nochtadh san iomlán, agus rinneadh naoi gcinn díobh ar bhonn gan ainm.

Is duine forordaithe é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoin reachtaíocht um nochtadh cosanta agus is féidir aon ábhar a bhaineann le húsáid mhíchuí cistí agus acmhainní poiblí nó maidir le luach ar airgead in aon eintiteas a thagann faoina shainchúram a nochtadh don Oifig.